2025/2184

4.12.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/2184 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2016/232 agus (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt i leith praghsanna táirgeoirí agus cur chun feidhme sásraí allmhairiúcháin áirithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghaitear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 173(1), pointí (a), (b), (c), (d) agus (j), Airteagal 181(2) agus Airteagal 223(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tharmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([2]), forlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithint, fógra a thabhairt faoi phraghsanna táirgeoirí agus faoi luachanna agus méideanna táirgí allmhairithe áirithe ag na Ballstáit in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte.

(2) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun rialachas na n-eagraíochtaí táirgeoirí a chomhchuibhiú agus a shimpliú, ba cheart na sainmhínithe ar eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta agus ar chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta a ailíniú lena sainmhínithe cothrománacha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún ([3]). Thairis sin, ba cheart a shoiléiriú, chun críche aitheantais, go bhfuil feidhm ag na rialacha céanna maidir le heagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus a bhaineann le foirmithe trasnáisiúnta díobh.

(3) Is gá a shoiléiriú go bhféadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear le haghaidh táirgí atá beartaithe le haghaidh próiseála amháin na táirgí sin a phróiseáil aisti féin, ina saoráidí féin nó i saoráidí fochuideachta nó iad a sheachadadh chuig saoráid phróiseála sheachtrach.

(4) Tá luach an táirgthe arna mhargú ar cheann de na ceanglais chun aitheantas a thabhairt d'eagraíocht táirgeoirí nó do chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí. Ós rud é go rialaítear ríomh luach an táirgthe arna mhargú le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), is gá an tagairt dlí don mhodheolaíocht bhailí chun luach an táirgthe arna mhargú a ríomh a thabhairt cothrom le dáta, rud a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún ([5]). Ar an gcaoi chéanna, is gá an tagairt dlí don mhodheolaíocht chun luach an

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí (IO L 44, 19.2.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/232/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/126/oj).

táirgthe arna mhargú de chuid eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus comhlachais díobh a ríomh a thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, na rialacha maidir le cláir oibríochtúla eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus comhlachais díobh a fhormheas, ba cheart iad a scriosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ós rud é go rialaítear iad le Rialachán (AE) 2021/2115.

(5) D'fhéadfadh laghdú mór ar tháirgeadh ball d'eagraíocht táirgeoirí a bheith mar thoradh ar theagmhais fhoircneacha a bheith ag tarlú níos minice, amhail tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí. I gcás ina bhfuil táirgí á ndíol ag an eagraíocht táirgeoirí freisin ó tháirgeoirí nach comhaltaí iad, d'fhéadfadh comhlíonadh chion luach na gníomhaíochta sin i gcomparáid le luach an táirgthe arna mhargú ag baill srian iomarcach a chur ar ghníomhaíocht eacnamaíoch fhoriomlán na heagraíochta táirgeoirí agus a aitheantas a bhagairt. Dá bhrí sin, is gá cead a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta tairbhiú de mhaolú ó ríomh luach a dtáirgthe arna mhargú sna himthosca foircneacha sin, chun cobhsaíocht a n-oibríochtaí a áirithiú.

(6) Is é comhchruinniú an tsoláthair príomhaidhm na n-eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta. Bealach amháin chun é sin a bhaint amach is ea trí chumaisc. I gcás cumasc, ar mhaithe le simpliú, ba cheart, leis na forálacha maidir le huimhir a shannadh chun críocha an chórais aitheantais uathúil, go gceadófaí do na Ballstáit ceann de na huimhreacha aitheantais atá ann cheana a choinneáil ar bun don eagraíocht táirgeoirí a thiocfaidh as sin nó uimhir nua a shannadh.

(7) Tá na Ballstáit leis an bhfaisnéis a shonraítear in Airteagal 222a(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bhailiú agus fógra a thabhairt fúithi. Chun feabhas a chur ar an tsoiléireacht maidir le fógra a thabhairt, is gá na torthaí agus na glasraí a chinneadh a bhfuil fógra le tabhairt faoi na tíopaí nó na cineálacha agus na formáidí pacáistíochta ina leith. Chun a áirithiú gur mar an gcéanna an mhodheolaíocht chun na praghsanna a bhfuil fógra le tabhairt fúthu a bhailiú feadh an tslabhra soláthair ar fad, ó gheata na feirme go dtí an chéim mhiondíola, is gá ailíniú leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún ([6]).

(8) Ós rud é go dtagann maoiniú clár oibríochtúil eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2021/2115, is gá a shoiléiriú cé na híocaíochtaí a fhéadfar a chur ar fionraí nó a aisghabháil i gcásanna ina mainníonn eagraíochtaí táirgeoirí na critéir aitheantais a urramú.

(9) Cé go bhfuil ar na Ballstáit táirgeoirí táirgí orgánacha a eisiamh chun ionadaíochas eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a chinneadh, ba cheart táirgeadh orgánach a chur san áireamh má tá feidhm ag síneadh na rialacha go sainráite agus go sonrach freisin maidir le táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí táirgí orgánacha.

(10) Rialacha maidir le fógra a thabhairt faoi chinntí maidir le síneadh rialacha arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 164(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rialaítear iad le hAirteagal 5(2a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232, ina sonraítear na spriocdhátaí agus an fhaisnéis a bhfuil fógra le tabhairt ina leith. Ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi fhaisnéis maidir le síneadh na rialacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte freisin faoi Airteagal 70 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891. Chun fógra dúbailte a sheachaint, ba cheart an oibleagáid fógra a thabhairt faoi fhaisnéis maidir le síneadh na rialacha a scriosadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891.

(11) Faoi Airteagal 70 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt faoin limistéar eacnamaíoch nó faoi na limistéir eacnamaíocha ina bhfuil feidhm ag síneadh na rialacha. Ní cheanglaítear fógra a thabhairt faoin bhfaisnéis sin faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232. Mar gheall ar shainiúlacht earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, i gcás ina n-úsáidtear síneadh na rialacha go tráthrialta ar an leibhéal réigiúnach nó i limistéir táirgeachta shonracha, ach ní ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart an ceanglas maidir le fógra a thabhairt don limistéar eacnamaíoch nó do na limistéir eacnamaíocha faoin síneadh a bhaineann leis na hearnálacha sin a áireamh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1185/oj).

(12) Ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt faoi phraghsanna agus faoi chainníochtaí torthaí agus glasraí áirithe ar bhonn luachana a bhailítear i margaí allmhairiúcháin ionadaíocha, má tá na hallmhairí os cionn 10 dtona. Mar gheall ar athruithe ar dhinimic an mhargaidh agus ar fhorbairt sreafaí trádála, is gá feabhas a chur ar na rialacha maidir le fógra a thabhairt ionas go léireofar na hathruithe sin leo agus go ndéanfar foráil leo maidir le modhanna malartacha bailithe sonraí i gcás nach sainaithníonn na Ballstáit aon mhargaí allmhairiúcháin ionadaíocha. Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin agus líon na bhfógraí a laghdú, agus stóinseacht an chórais a mhéadú, ba cheart na fógraí a dhéanamh ar bhonn seachtainiúil. Is gá freisin sainmhíniú ar sheachtain an mhargaidh a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891.

(13) Le hAirteagal 181(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, soláthraítear an bonn chun córas an phraghais iontrála a bhunú le haghaidh táirgí áirithe earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte. Agus an luach custaim le haghaidh na dtorthaí agus na nglasraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 á chur i bhfeidhm, ní mór don allmhaireoir ráthaíocht a íoc má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 75 den Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, is gá na tréimhsí cur i bhfeidhm a shocrú go soiléir i gcás ina n-éilítear an ráthaíocht atá le soláthar ag an allmhaireoir.

(14) Chun soiléireacht a thabhairt maidir leis an liosta táirgí chun críocha chóras an phraghais iontrála, is gá na cóid in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a léiriú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir na hAinmníochta Comhcheangailte bailí is déanaí.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Tharmligthe (AE) 2016/232 agus (AE) 2017/341 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5(2a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232, cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte, áireofar freisin san fhaisnéis a thabharfar fógra an limistéar eacnamaíoch nó na limistéir eacnamaíocha ina bhfuil feidhm ag síneadh na rialacha.'.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) ciallaíonn "eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta" agus "comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta" eagraíocht táirgeoirí agus comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a chomhlíonann na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 2, pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún (*), faoi seach;

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/232 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chomhar táirgeoirí (IO L 44, 19.2.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/232/oj).';

(b) scriostar pointe (e);

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'Mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis an tagairt d'eagraíochtaí táirgeoirí sa Rialachán seo eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus áirítear leis an tagairt do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí thrasnáisiúnta.';

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas d’eagraíochtaí táirgeoirí i leith táirge nó grúpa táirgí nach bhfuil beartaithe ach le haghaidh próiseála i gcás ina bhfuil na heagraíochtaí táirgeoirí in ann a áirithiú go ndéanann siad féin na táirgí sin a phróiseáil, go ndéanann fochuideachta iad a phróiseáil nó go seachadtar iad lena bpróiseáil trí chóras conarthaí soláthair.’;

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun méid na heagraíochta táirgeoirí a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 154(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ríomhfar luach nó méid an táirgthe indíolta ar an mbonn céanna le luach an táirgthe arna mhargú a leagtar amach in Airteagail 30 agus 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún (*).

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dearíocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) (IO L 20, 31.1.2022, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/126/oj).’;

(4) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí táirgí táirgeoirí nach comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí ná de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí iad a dhíol, i gcás ina n-aithnítear iad i leith na dtáirgí sin agus ar choinníoll go bhfuil luach eacnamaíoch na gníomhaíochta sin faoi bhun luach a táirgthe arna mhargú arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126.

Mar sin féin, i gcás ina dtagann laghdú 35 % nó níos mó ar luach an táirgthe arna mhargú ag eagraíocht táirgeoirí le haghaidh bliain ar leith i ndáil le meán na dtrí thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, measfar gurb é luach an táirgthe arna mhargú 85 % de mheánluach an táirgthe arna mhargú sna trí thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin, chun luach eacnamaíoch na gníomhaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shuí.

An eagraíocht táirgeoirí a ndéanann na teagmhais dá dtagraítear sa dara fomhír difear di agus a bhfuil baint aici le díol táirgí táirgeoirí nach baill dá cuid iad, cruthóidh sí d’údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nach raibh an laghdú ar luach an táirgthe arna mhargú lasmuigh dá freagracht ná faoina rialú.’;

(b) i mír 4, cuirtear ‘Airteagal 31(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126’ in ionad ‘Airteagal 22(8)’;

(5) in Airteagal 13(2), an dara fomhír, cuirtear ‘Airteagal 31(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126’ in ionad ‘Airteagal 22(8)’;

(6) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Beidh ceannoifig eagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta lonnaithe sa Bhallstát ina mbaineann an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta amach formhór luach an táirgthe arna mhargú arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 32 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126.’;

(b) i mír 3, scriostar pointe (b);

(7) in Airteagal 15(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'I gcás ina gcumascann eagraíochtaí táirgeoirí, glacfaidh an eagraíocht táirgeoirí a thiocfaidh as an gcumasc cearta agus oibleagáidí na n-eagraíochtaí táirgeoirí aonair a cumascadh. Áiritheoidh an Ballstát go gcomhlíonfaidh an eagraíocht táirgeoirí a thiocfaidh as an gcumasc na critéir aitheantais uile agus go gcoinneoidh sí ceann de na huimhreacha atá ann cheana ar bun nó go sannfar uimhir nua di chun críocha an chórais sainaitheantais uathúil dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892.';

(8) in Airteagal 21(3), scriostar pointe (b);

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55:

'*Airteagal 55*

Fógra a thabhairt faoi phraghsanna táirgeoirí torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoi 12.00 a chlog (am na Bruiséile) gach Céadaoin, faoi phraghsanna na dtáirgeoirí a taifeadadh i margaí ionadaíocha i limistéir tháirgeachta na dtorthaí agus na nglasraí lena mbaineann le linn na seachtaine roimhe sin, i gcás ina mbeidh sonraí ar fáil, mar a leanas:

(a) i gcás torthaí agus glasraí a chumhdaítear leis an gcaighdeán ginearálta margaíochta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 ón gCoimisiún (*), praghas na dtáirgí a chomhlíonann an caighdeán sin;

(b) i gcás táirgí a chumhdaítear le caighdeán margaíochta sonrach a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429, praghas táirgí d'aicme I.

Ní thabharfaidh na Ballstáit fógra ach amháin faoi phraghsanna torthaí agus glasraí a tháirgtear laistigh dá gcríoch. Cumhdófar leis na praghsanna torthaí agus glasraí traidisiúnta neamhorgánacha atá beartaithe le haghaidh an mhargaidh úir.

2. Maidir leis an gceanglas dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi mheánphraghas ualaithe gach táirge, a dtíopaí, a gcineálacha agus a méideanna nó cur i láthair pacáistíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo, más infheidhme. Ina theannta sin, i gcás praghsanna a thuairiscítear de réir tíopa, cineáil agus, i gcás inarb infheidhme, méide agus cur i láthair pacáistíochta, tabharfar fógra freisin faoi mheánphraghas ualaithe náisiúnta in aghaidh an táirge, cé is moite de thrátaí. I gcás ina mbaineann praghsanna taifeadta le tíopaí, cineálacha, méideanna nó cur i láthair pacáistíochta eile seachas na cinn a shonraítear in Iarscríbhinn VI, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi thíopaí, cineálacha, méideanna agus cur i láthair na dtáirgí lena mbaineann.

3. Beidh na praghsanna ar tugadh fógra ina leith díreach ón stáisiún pacáistíochta, agus iad sórtáilte agus pacáistithe agus, i gcás inarb infheidhme, ar phailléid, arna shloinneadh in aghaidh 100 kg de ghlanmheáchan.

4. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt ar bhonn deonach faoin bpraghas a shonraítear i mír 2 ar thorthaí agus glasraí eile agus ar a gcineálacha nach luaitear in Iarscríbhinn VI.

5. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, laistigh de 6 mhí tar éis dháta an fhógra, faoin modheolaíocht a úsáideadh chun na praghsanna dá dtagraítear i mír 2 a bhunú, lena n-áirítear na margaí ionadaíocha agus a meáchain, chomh maith le haon mhodhnú orthu.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2429 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2023 ag cur le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgí áirithe torthaí agus glasraí próiseáilte agus earnáil na mbananaí, agus Rialachán (CE) Uimh. 1666/1999 ón gCoimisiún, agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 agus (AE) Uimh. 1333/2011 ón gCoimisiún a aisghairm (IO L, 2023/2429, 3.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2429/oj).';

(10) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Má shuíonn Ballstát gur mhainnigh eagraíocht táirgeoirí ceann de na critéir aitheantais a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 5 agus 7, Airteagal 11(1) agus (2) agus Airteagal 17 a urramú, seolfaidh sé litir rabhaidh, trí sheachadadh cláraithe, chuig an eagraíocht táirgeoirí i gceist, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an mhainneachtain a shainaithint, ar litir rabhaidh í ina luafar an mhainneachtain a sainaithníodh, na bearta ceartaitheacha is gá agus na tréimhsí ama nach mór na bearta sin a dhéanamh lena linn, nach faide ná ceithre mhí. A luaithe a shuífear mainneachtain, cuirfidh na Ballstáit na híocaíochtaí cabhrach a dheonaítear d’eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí ar fionraí chun na cláir oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a chur chun feidhme, nó in Airteagal 5(6), an chéad fhomhír (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), go dtí go ndéanfar bearta ceartaitheacha sásúla.

_____

(*) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

(**) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2117/oj).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Mura ndéanfar na bearta ceartaitheacha dá dtagraítear i mír 4 laistigh den tréimhse ama a shocróidh an Ballstát, cuirfear ar fionraí na híocaíochtaí cabhrach a dheonaítear d’eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí le haghaidh chur chun feidhme na gclár oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/2115 nó in Airteagal 5(6), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2117 agus cuirfear laghdú 1 % ar mhéid na cabhrach bliantúla le haghaidh gach míosa iomláine agus gach codáin de mhí, tar éis dhul in éag na tréimhse ama sin. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm na reachtaíochta cothrománaí náisiúnta lena bhféadfar foráil a dhéanamh maidir le caingean den sórt sin a chur ar fionraí tar éis imeachtaí dlíthiúla bainteacha a thionscnamh.’;

(11) in Airteagal 69(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) táirgeoirí nó táirgeadh táirgí orgánacha a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), ach amháin má chumhdaítear táirgeoirí nó táirgí den sórt sin go sainráite agus go sonrach le síneadh na rialacha i gcomhréir le hAirteagal 164 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

_____

(*) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32018R0848).’;

(12) Scriostar Airteagal 70;

(13) in Airteagal 73, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘(c) ciallaíonn “seachtain mhargaidh” an tréimhse ó Luan go hAoine na seachtaine roimh an spriocdháta do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 74;’;

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 74:

'*Airteagal 74*

Fógra a thabhairt faoi mheánphraghsanna ionadaíocha ualaithe agus faoi chainníochtaí táirgí allmhairithe

1. I gcás gach táirge agus le haghaidh na dtréimhsí a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn VII, i gcás gach seachtaine margaidh agus gach tionscnaimh mhargaidh, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoi 18.00 (am na Bruiséile) gach Luan maidir le cainníocht agus meánphraghas ionadaíoch ualaithe na dtáirgí allmhairithe a díoladh sna Ballstáit le linn na seachtaine margaidh roimhe sin.

I gcás na dtáirgí nach gcumhdaíonn an tréimhse chur i bhfeidhm dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII an bhliain iomlán ina leith, is í an dara seachtain roimh thús na tréimhse cur i bhfeidhm an chéad seachtain a dtabharfar fógra faoi na praghsanna ina leith. I gcás na dtáirgí sin, is í an tseachtain deiridh den mhargadh a dtabharfar fógra maidir lena bpraghsanna an tseachtain roimh dháta deiridh na tréimhse cur i bhfeidhm.

2. Déanfar an praghas dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, a thaifeadadh le haghaidh na gcineálacha agus na méideanna uile atá ar fáil, ag céim an allmhaireora nó an mhórdhíoltóra do gach margadh allmhairiúcháin nó, i gcás nach bhfuil aon phraghas ag an gcéim sin ar fáil, do chéim an mhórdhíoltóra nó an mhiondíoltóra.

Déanfar é a thaifeadadh i gcás gach margaidh allmhairiúcháin a mheasann na Ballstáit a bheith ionadaíoch, agus lena n-áireofar Milano, Perpignan agus Rungis ar a laghad nó, i gcás nach sainíonn na Ballstáit aon mhargadh allmhairiúcháin, déanfar an meánphraghas ionadaíoch ualaithe a thaifeadadh ar an leibhéal náisiúnta.

I gcás ina mbunaítear an meánphraghas ionadaíoch ualaithe ag céim an mhórdhíoltóra nó an mhiondíoltóra, déanfar é a laghdú mar seo a leanas:

(a) 9 % chun corrlach brabúis an mhórdhíoltóra a chur san áireamh; agus

(b) EUR 0,7245 in aghaidh 100 cileagram i leith na gcostas láimhseála agus cánacha agus muirear margaidh.

3. Déanfar na meánphraghsanna ionadaíocha ualaithe a laghdú de réir na méideanna seo a leanas:

(a) corrlach brabúis 15 % le haghaidh na lárionad margaíochta Milano agus Rungis agus 8 % le haghaidh lárionaid mhargaíochta eile; agus

(b) na costais iompair agus árachais laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

4. Maidir leis na costais iompair agus árachais atá le hasbhaint de bhun mhír 3, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit méideanna caighdeánacha a shocrú lena n-asbhaint. Tabharfar fógra láithreach don Choimisiún faoi na méideanna caighdeánacha sin agus faoi na modhanna chun iad a ríomh, chomh maith le haon mhodhnú a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu.

5. I gcás táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a chumhdaítear le caighdeán sonrach margaíochta, is éard a bheidh sna praghsanna ionadaíocha meán ualaithe Aicme I agus Aicme II de gach táirge lena mbaineann, ach amháin má tá 90 % ar a laghad d'iomlán na gcainníochtaí a mhargaítear i dtáirgí in aon aicme amháin, agus sa chás sin ní chuirfear san áireamh ach na luachana don aicme sin.

I gcás táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII nach gcumhdaítear le caighdeán margaíochta sonrach, measfar praghsanna táirgí a chomhlíonann an caighdeán ginearálta margaíochta a bheith ionadaíoch.

6. I gcás inar lú ná 10 dtona i seachtain mhargaidh an chainníocht dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, le haghaidh táirge, ní thabharfar fógra don Choimisiún faoin meánphraghas ionadaíoch ualaithe comhfhreagrach. Beidh an tairseach 10 dtona beartaithe mar an méid carnach thar sheachtain an mhargaidh. Má tá níos lú ná 5 lá oibre i seachtain an mhargaidh, cuirfidh na Ballstáit laghdú comhréireach 2 thona in aghaidh an lae shaoir i bhfeidhm ar an tairseach sin.';

(15) Leasaítear Airteagal 75 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina bhfuil luach custaim na dtáirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo agus a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 níos airde ná 8 % níos mó ná an ráta comhréidh arna ríomh ag an gCoimisiún mar luach caighdeánach allmhairiúcháin tráth dhearbhú scaoilte na dtáirgí i saorchúrsaíocht, soláthróidh an t-allmhaireoir ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 148 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún (*). Beidh feidhm ag an ráthaíocht le linn na tréimhse cur i bhfeidhm a chinntear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le gach táirge. Is éard a bheidh sa dleacht allmhairiúcháin a bhféadfar na táirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur faoina réir méid na dleachta atá dlite má aicmíodh an táirge i gceist ar bhonn an luacha chaighdeánaigh allmhairiúcháin lena mbaineann.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. I gcás ina ríomhtar luach custaim na dtáirgí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 74(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, asbhainfear an dleacht dá bhforáiltear in Airteagal 38(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892. Sa chás sin, ar feadh na tréimhse cur i bhfeidhm a chinntear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh gach táirge, soláthróidh an t-allmhaireoir ráthaíocht atá comhionann le méid na dleachta a d'íocfaidís dá ndéanfaí na táirgí a aicmiú ar bhonn an luacha chaighdeánaigh allmhairiúcháin is infheidhme.'.

(16) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN VII

Liosta táirgí chun críocha chóras an phraghais iontrála a leagtar amach i dTeideal III

Gan dochar do na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, meastar nach bhfuil sa tuairisc ar na táirgí ach tuairisc tháscach. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, cinntear raon feidhme na socruithe dá bhforáiltear i dTeideal III le raon feidhme na gcód AC mar atá siad tráth glactha an Rialacháin seo. I gcás ina mbíonn "ex" ann roimh an gcód AC, cinntear raon feidhme na ndleachtanna breise de réir raon feidhme an chóid AC agus de réir na tuairisce ar na táirgí, agus de réir na tréimhse cur i bhfeidhm comhfhreagraí.

CUID A

Cód AC	Tuairisc	Tréimhse cur i bhfeidhm
0702 00 10, 0702 00 91, 0702 00 99	Trátaí iomlána, atá níos lú ná 47 mm ar trastomhas, Trátaí eile i dtrusanna, Trátaí eile	Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
ex 0707 00 05	Cúcamair, nach bhfuil beartaithe lena bpróiseáil	Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
ex 0709 91 00	Bliosáin chruinne	Ón 1 Samhain go dtí an 30 Meitheamh
0709 93 10,	Cúirséid	Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
ex 0805 10 22, ex 0805 10 24, ex 0805 10 28	Oráistí imleacáin, Oráistí bána, Oráistí milse eile	Ón 1 Nollaig go dtí an 31 Bealtaine
ex 0805 22 00	Cleimintíní, iad úr	Ón 1 Samhain go dtí deireadh mhí Feabhra
ex 0805 21 10, ex 0805 21 90, ex 0805 29 00	Satsúmaí, iad úr Mandairíní agus táinséiríní, iad úr Mandairíní Wilking agus hibridí citris comhchosúla, seachas táinséiríní, satsúmaí agus cleimintíní, iad úr	Ón 1 Samhain go dtí deireadh mhí Feabhra
ex 0805 50 10	Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*), iad úr	Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Bealtaine
ex 0806 10 10	Fíonchaora boird	Ón 21 Iúil go dtí an 20 Samhain
ex 0808 10 80	Úlla	Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh
ex 0808 30 90	Piorraí	Ón 1 Iúil go dtí an 30 Aibreán
ex 0809 10 00	Aibreoga	Ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Iúil
ex 0809 29 00	Silíní, seachas silíní searbha	Ón 21 Bealtaine go dtí an 10 Lúnasa
ex 0809 30 20, ex 0809 30 30, ex 0809 30 80	Péitseoga leathana (*Prunus persica var. platycarpa*) agus neachtairíní leathana (*Prunus persica var. platerina*), Neachtairíní, Péitseoga eile	Ón 11 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair
ex 0809 40 05	Plumaí	Ón 11 Meitheamh go dtí an 30 Meán Fómhair

CUID B

Cód AC	Tuairisc	Tréimhse cur i bhfeidhm
ex 0707 00 05	Cúcamair atá beartaithe lena bpróiseáil	Ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Deireadh Fómhair
ex 0809 21 00	Silíní searbha (*Prunus cerasus*)	Ón 21 Bealtaine go dtí an 10 Lúnasa‘.